



General Certificate of Secondary Education
January 2009

Matamaitic



Modúl N2 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)
Bonnsraith
[GMN21]

DÉ HAOINE 9 Eanáir
9.15 am – 10.00 am

AM

45 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo. Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.


Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	

Marc Iomlán	
-------------	--

Bileog Foirmlí

Toirt priosma = achar trasghearrtha \times fad



1 Faigh

(a) 0.5×0.3

Freagra _____ [1]

(b) $\frac{3}{8} - \frac{1}{4}$

Freagra _____ [2]

(c) $6.2 - 2.73$

Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

2 Léiríonn an léaráid gais agus duillí airde 21 mac léinn i rang bhliain 8.

Gas	Duille
13	6 9
14	1 2 3 3 4
14	5 6 7 7 8 8 9
15	1 2 4 4
15	5 8
16	2

Eochair: 136 cm is ciall de 13 | 6

Scríobh

(a) raon na sonraí,

Freagra _____ cm [1]

(b) airmheán na sonraí.

Freagra _____ cm [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- 3 Tóg an triantán ABC an áit a mbeidh $AB = 7$ cm, $BC = 4$ cm agus $AC = 5$ cm.
Ná scríos na línte tógála agat.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

[3]

- 4 I siopa coirnéil Mháire tá £1.94 ar 0.8 kg de mheacain dearga agus 0.5 kg d'oinniúin.
Tá £1.55 an kg ar mheacain dearga.
Cá mhéad an kg atá ar oinniúin?


Freagra £ _____ [4]

5 (a) Faigh imlíne na dronuilleoige dar fad 6.5 cm agus dar leithead 2.5 cm.

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna Athmharc

Freagra _____ cm [1]

(b)



Níl an léaráid
tarraingthe go beacht

Faigh achar an triantáin.

Freagra _____ [3]

(c) Tá meáchan 32 kg i mála guail, ceart go dtí an cileagram is cóngaraí.
Cad é an meáchan is lú a d'fhéadfadh a bheith sa mhála guail?

Freagra _____ kg [1]

- 6 Bhí $\frac{3}{4}$ canna péinte de dhíth ar Sheosamh lena chró gairdín a phéinteáil. Cad é an líon is lú cannaí a bheadh de dhíth air le 10 gcró den chineál chéanna a phéinteáil?

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra _____ [3]

7 Rinneadh suirbhé i lár chathair Bhéal Feirste le barúlacha daoine ar ‘mhaireachtáil shláintiúil’ a fháil.

Bhí sampla de 100 duine sa suirbhé.

(a) (i) Is féidir nach seasfadh an 100 duine seo do bharúlacha phobal Bhéal Feirste ar ‘mhaireachtáil shláintiúil’. Mínigh cad chuige.

_____ [1]

(ii) Ar na ceisteanna sa suirbhé bhí “Nach síleann tú gur sláintiúla duine tanaí ná duine ramhar?”
Is féidir nach bhfuil an cheist seo fóirsteanach don suirbhé. Luaigh fáth le cad chuige.

Fáth _____
_____ [1]

(b) Rinneadh an suirbhé céanna i sólann i Lios na gCearrbhach.
Níor chóir an suirbhé a dhéanamh san áit seo. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

Fáth _____
_____ [1]

Fáth _____
_____ [1]

8 (a) Faigh luach $5x - 2y$ an áit a bhfuil $x = -2$ agus $y = 4$

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra _____ [2]

(b) Réitigh $\frac{y}{3} = 6$

Freagra _____ [1]

(c) Forbair $p(4 - p^2)$

Freagra _____ [2]

9 Malartaigh $600\,000\text{ cm}^3$ ina m^3 .

Freagra _____ m^3 [2]

10 (a) Fachtóirigh

(i) $28 - 7y$

Freagra _____ [1]

(ii) $p - pt$

Freagra _____ [1]

(b) (i) Forbair $5(3 - y)$

Freagra _____ [1]

(ii) Forbair agus simpligh $(x - 3)(x + 1)$

Freagra _____ [2]

(c) Scríobh slonn don n ú téarma sa seicheamh

$-4, -8, -12, -16, \dots$

Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna Athmharc


- 11 Maidin amháin thaifead na póilíní, i dtréimhse 2 nóiméad, luas feithiclí a bhí ag dul faoi dhroichead ar an mhótarbhealach M2. Ba i mílte san uair (msu) a thaifead siad an luas.

Luas l (msu)	Minicíocht f
$44 \leq l < 50$	3
$50 \leq l < 56$	7
$56 \leq l < 62$	8
$62 \leq l < 68$	6
$68 \leq l < 74$	5
$74 \leq l < 80$	1

- (a) Cé acu eatramh aicmeach ina bhfuil an t-airmheán luais?

Freagra _____ [1]

- (b) Tarraing polagán minicíochta do na sonraí ar an ghráf thíos. [2]



Examiner Only	
Marks	Remark

12 Scríobh 120 mar iolrach d'fhachtóirí príomha agus scríobh do fhreagra i nodaireacht na séan.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra _____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR
